Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6038/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0040(NLE)**

**RESUA 3**
**FIN 209**
**ECOFIN 158**
**ELARG 18**
**COEST 106**
**DEVGEN 24**
**UA PLATFORM 3**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht airgeadais bhreise ón tSualainn |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht airgeadais bhreise ón tSualainn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792, is féidir leis na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó foinsí eile ranníocaíochtaí breise a sholáthar don tSaoráid don Úcráin, lena n-áirítear do Phlean na hÚcráine.

(2) De bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792, thug an tSualainn gealltanas SEK 2 000 000 000 a sholáthar mar ranníocaíocht airgeadais bhreise le Colún I den tSaoráid don Úcráin i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha. Is ioncam sannta seachtrach í an ranníocaíocht sin. Tá an Coimisiún freagrach as an ranníocaíocht sin a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le caiteachas an Aontais, go háirithe na nósanna imeachta faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Rialachán (AE) 2024/792.

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(3) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais ón tSualainn a chur ar fáil don Úcráin faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe maidir le haistriú idir an tSualainn agus an Coimisiún agus faoi réir aistriú na ranníocaíochta airgeadais gaolmhaire. Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais sin a leithdháileadh ar an ochtú tráthchuid ráithiúil de Phlean na hÚcráine agus ba cheart í a eisíoc faoi réir chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha. Ba cheart méideanna an ochtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine a choigeartú dá réir sin chun méid deiridh na ranníocaíochta airgeadais sin a chur san áireamh, méid arna shloinneadh ina euro, a eascraíonn as cur i bhfeidhm an ráta malairte oifigiúil tráth an aistrithe.

(4) Tar éis an chéad ranníocaíocht bhreise SEK 750 000 000 dá dtagraítear in Airteagal 2(4) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle[3] a fháil, cinneadh luach deiridh na ranníocaíochta sin in euro ar bhonn an ráta malairte ab infheidhme tráth an aistrithe. Chun an luach deiridh iarbhír a léiriú, is iomchuí na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a choigeartú dá réir sin.

(5) I bhfianaise na staide san Úcráin agus chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar don Úcráin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha.

---

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Cuirfear ranníocaíocht airgeadais bhreise, i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í in EUR agus SEK 2 000 000 000 ag an ráta malairte oifigiúil tráth a aistreoidh an tSualainn an ranníocaíocht chuig an tSaoráid don Úcráin, ar fáil don Úcráin de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792.

Cuirfear an ranníocaíocht airgeadais bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*